Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# An Fhoghlaim Thascbhunaithe i dTeagasc agus i Sealbhú na Gaeilge

## Seisiún 3

CC BY NC

# Intinní Foghlam

Ag deireadh seisiún a trí, beidh tuiscint níos doimhne againn:

- ar thábhacht an aiseolais cheartaithigh chun feasacht teanga na scoláirí a chothú agus iad i mbun Foghlama Tascbhunaithe
- ar conas tasc a dhearadh ó thus deireadh le comhthéacs agus rang-ghrúpa curtha san áireamh.

# Céard é an Aiseolas Ceartaitheach

Dírítear aird an scoláire ar **bhotúin ghramadaí**

Spreagtar an scoláire chun **an fhoirm chruinn a úsáid**

Úsáidtear é ar chaoi chorásach ar bhonn leanúnach

(Schmidt & Frota, 1986)

Athmhúnluithe → Leideanna

Oide

# Athmhúnluithe



Tá dhá aintín agam.

Tá beirt aintíní agat. Úsáidimid na huimhreacha pearsanta nuair a bhíonn daoine á gcomhaireamh.



# Leideanna



Tá trí uncail agam.

Cén saghas uimhreacha a úsáidimid nuair a bhíonn daoine á gcomhaireamh?

Ní thuigim tú!

Gabh mo leithscéal!

Trí uncail?
(athrá ar an mbotún agus tuin chainte athraithe)



Nasc: Barista na Gaeilge Na hUimhreacha

# Tairbhe an Aiseolais Cheartaithigh

Tugann Aiseolas Ceartaitheach deis don scoláire bearna a thabhairt faoi deara idir a t(h)eanga féin agus teanga an cheartaitheora nó an teanga chruinn.

(Schmidt & Frota, 1986)


# Tasc a Dhearadh




Treoracha don Ghníomhaíocht:

- I ngrúpaí, dear tasc do do chomhtheacs féin.
- Líon isteach an teimpléad 'Tacaíocht chun Tasc a Dhearadh'.
- Tá eiseamláir ar fáil ar an bPadlet chun tacú leat.
- Táthar ag súil go roinnfear an tasc leis na rannpháirtithe eile

# Tacaíocht chun Tasc a Dhearadh



Oide

**Tasc** Turas chuig ceolchoirm a phleanáil

**Bliain** Rang: 2K

**Spreagthach** Téacs/Amhrán/Íomhá/Gearrscannán/Dán/Dráma

## Intinní Foghlama

Beidh na scoláirí ag foghlaim conas:

- turas a phleanáil
- ticéid agus bialann a chur in áirithe
- buiséad a dhéanamh amach don ócáid
- oibriú go héifeachtach mar ghrúpa agus aontú ar phlean
- roghanna a mheas

## Treoracha don Tasc

Tá turas le pleanáil agat le beirt eile chun freastal ar cheolchoirm. I ngrúpaí, pléigí na sonraí seo a leanas: láthair na ceolchoirme, fáil agus costas ar na ticéid, cúrsaí taistil, cúrsaí bia 7rl. An sprioc leis ná plean a dhéanamh amach chun freastal ar an gceolchoirm seo.

## Critéir Ratha

- Turas a phleanáil agus a ullmhú
- Stór focal ábhartha a úsáid
- An spriocthteanga a úsáid le linn an taisc/ag idirghníomhú
- Praghsanna a phlé
- Ticéid agus bialann a chur in áirithe
- Buiséad a léiríonn conas a chuirfear gach costas san áireamh
- Smaointe a phlé agus tuairim a léiriú

## Torthaí Foghlama

1.2, 1.3
1.7, 1.10
1.13, 1.14, 1.16
1.19, 1.20, 1.21
2.5
3.6

## Critéir Taisc

| | ✔ |
|---|---|
| Béim go príomha ar an mbrí chumarsáideach | ☐ |
| Bearna eolais de shaghas éigin ann | ☐ |
| Foghlaimeoirí ag tarraingt ar a gcuid acmhainní teangeolaíocha féin | ☐ |
| Toradh cumarsáideach soiléir i gceist | ☐ |

## An Teanga le Sealbhú

- Stór focail a bhaineann le ceolchoirm agus le turas a phleanáil
- Ceistiúchán cuí
- Cruinneas foghraíochta agus comhréire
- Cúrsaí airgid- ag comhaireamh
- Comhrá a stiúradh go nádúrtha
  - ag aontú/easaontú
  - ag tabhairt tacaíochta
  - ag lorg eolais/tuairime
  - rogha a chur in iúl


CC BY NC

Oide

## Réamhthasc

- Tobsmaointeoireacht
- Taighde
- Teanga an idirghníomhaithe
- An teanga a bheadh de dhíth ar scoláirí
- Machnamh siar ar an stór focal agus nathanna atá foghlamtha acu le linn an aonaid
- Téacs a léamh/ mír éisteachta
- Machnamh faoi conas a oibreoidh an tasc

## Le Linn an Taisc

- Gléas teicneolaíochta chun taighde a dhéanamh
- Don fhoghraíocht: Abair.ie, teanglann.ie
- Alt ó Thuairisc.ie/TG4 faoi cheolchoirm
- https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/632 0979615112

## Iarthasc

- Plé ar conas mar a d'éirigh leis an tasc
- Aiseolas
- Anailís ar earráidí coitianta
- Teanga a chleachtadh, a dhaingniú agus a shaibhriú
- Ceisteanna a chur
- Scileanna teanga a chleachtadh i gcomhthéacs eile nó le comhscoláirí eile
- Machnamh

## Scileanna Cumarsáide

- Éisteacht- teachtaireachtaí comhscoláirí eile
- Léamh- taighde a dhéanamh
- Labhairt- do theachtaireacht a chur in iúl
- Idirghníomhú Cainte- ceisteanna a chur ar a chéile/soiléiriú a dhéanamh
- Scríobh- chun plean a dhéanamh/sonraí a bhreacadh síos

## Acmhainní

- Gléas teicneolaíochta chun taighde a dhéanamh ar shuíomhanna le haghaidh eolais a bhailiú faoi iompar poiblí, praghsanna ticéid, sceideal taistil, bialann ar aile.
- Peann agus páipéar chun nótaí a bhreacadh nó doiciméad a chruthú agus a roinnt ar líne
- Uirlisí ar nós áireamháin chun cabhrú le buiséad a dhéanamh agus costais a mheas.

## Machnamh


- Rudaí ar éirigh leo?
- B'fhearr é/iad dá?...
- Na deiseanna?/Na dúshláin?
- Fuascailtí agus freagraí
- Cad í an chéad chéim eile?


CC BY NC

# Geandáil Ghasta

Treoracha don Ghníomhaíocht:

- Déanann gach grúpa cur síos ar a dtasc.
- Buailfear an clog gach 4n.
- Bogann taobh amháin ar dheis.



# Am Machnaimh

**Cad a d'fhoghlaim mé?**

**Cad is féidir liom a dhéanamh** i mo chomhthéacs féin?

**Cad í an chéad chéim eile** chun é a chur i gcrích?

(Rolfe *et al.*, 2001)

# Súil Siar

I seisiún a trí, bhíomar ag foghlaim faoi:

- thábhacht an aiseolais ceartaithigh chun feasacht teanga na scoláirí a chothú agus iad i mbun foghlama tascbhunaithe
- conas tasc a dhearadh ó thus deiridh le comhthéacs agus rang-ghrúpa curtha san áireamh

# Intinní Foghlama

Chabhraigh an forbhreathnú linn cur lenár dtuiscint ar:

- an bhfoghlaim thascbhunaithe agus na tréithe a bhaineann léi chun scileanna teanga na scoláirí a chur chun cinn
- choinníollacha ranga atá ag teastáil don fhoghlaim teanga

# Intinní Foghlama

Chabhraigh an forbhreathnú linn cur lenár dtuiscint ar:

- conas tabhairt faoi na trí chéim (réamhthasc, le linn taisc, iarthasc) a bhaineann leis an bhfoghlaim thascbhunaithe agus an tábhacht a bhaineann le teanga an ranga a fhorbairt go céimneach
- thábhacht an mheasúnaithe fhoirmithigh le scileanna teanga na scoláirí a chur chun cinn

# Intinní Foghlama


Chabhraigh an forbhreathnú linn cur lenár dtuiscint ar:

- thábhacht an aiseolais cheartaithigh chun feasacht teanga na scoláirí a chothú agus iad i mbun foghlama tascbhunaithe
- conas tasc a dhearadh ó thus deireadh le comhthéacs agus rang-ghrúpa curtha san áireamh.

# Liosta Seachadta

Cén luach a bhaineann le clárú dár liosta seachadta?

- ➢ Cor poist rialta ó fhoirne na Gaeilge agus an GhaelAonaid
- ➢ Freagraí mionsonraithe ar cheisteanna reatha ó mhúinteoirí
- ➢ Nuacht agus uasdátuithe ó Oide agus ó pháirtithe leasmhara.



Oide Liostaí Seachadta

Comhlánaigh na réimsí riachtanacha thíos agus léirigh an liosta /na liostaí seachadta ar mhaith leat clárú dó/dóibh

* Required

1. Ainm *

Enter your answer

2. Seoladh Ríomhphoist *

Enter your answer

3. Roghnaigh ón liosta thíos an limistéar liosta seachadta is mian leat a fheiceáil. Feicfidh tú na liostaí seachadta atá ar fáil thíos. *

- Oideachas trí mheán na Gaeilge
- Ceannaireacht
- Bunscoil
- Iar-bhunscoil

Next


Never give out your password. Report abuse

Microsoft 365

This content is created by the owner of the form. The data you submit will be sent to the form owner. Microsoft is not responsible for the privacy or security practices of its customers, including those of this form owner. Never give out your password.

**Microsoft Forms** | AI-Powered surveys, quizzes and polls Create my own form

The owner of this form has not provided a privacy statement as to how they will use your response data. Do not provide personal or sensitive information. | Terms of use



Oide

A Chara,

Tá súil ag Foireann na Gaeilge go bhfuil tú go maith agus séasúr an tsamhraidh buailte linn! Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil leat as ucht na díograise agus na hoibre ó thús na scoilbhliana seo agus is mór ag scoláirí do ranganna do chuid dúthrachta.

Más mian leat teacht an tsamhraidh a cheiliúradh le do chuid scoláirí, tá an fhéidearthacht ann leas a bhaint as an amhrán Thugamar Féin an Samhradh Linn á chanadh ag John Spillane.

Guímid gach sonas ort le linn an tsamhraidh!

**Scrúduithe Teistiméireachta 2024.**

Is mian le Foireann na Gaeilge gach rath a ghuí ar scoláirí na gclár éagsúil agus iad ag tabhairt faoi scrúduithe na Sraithe Sóisearaí, na hArdteistiméireachta Feidhmí agus Bunaithe. Tá gach eolas i leith na ndátaí deimhnithe ar fáil ar shuíomh idirlín Choimisiún na Scrúduithe Stáit ag an nasc seo

Tá Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag earcú faoi láthair d'fheitheoirí agus do scrúdaitheoirí cúnta. Más maith leat do chuid spéise a léiriú san obair pháirtaimseartha seo, tá sonraí ina taobh ar fáil anseo

**Cúrsaí Samhraidh na nIonad Oideachais.**

Soláthraíonn Ionad Oideachais na réigiún difriúil cúrsaí oiliúna do mhúinteoirí gach aon samhradh agus beidh siad á dtairiscint arís i mbliana. Más maith leat tuilleadh eolas a aimsiú ina dtaobh, tá nasc anseo do shuíomh náisiúnta na n-ionad oideachais. Déantar cúrsaí a chur ar fail sna ceantair éagsúla agus tá an fhéidearthacht ann go bhféadfá teacht ar chúrsa a oireann duitse an samhradh seo.

**Tacaíocht Scoile don Ghaeilge.**

Is cúis áthais d'Fhoireann Oide tacaíocht scoile a sholáthar do mhúinteoirí Gaeilge maidir le pleanáil agus teagasc an ábhair. Más mian le Roinn na Gaeilge i do scoil leas a bhaint as an tacaíocht seo, níl le déanamh ach iarratas a chur isteach. Tá gach eolas i dtaobh an phróisis ag an nasc anseo.

www.oide.ie @Oide_PP_Gaeilge

http://tinyurl.com/LiostaGagusGA


# Lean muid ar @Oide_PP_Gaeilge

Oide




https://twitter.com/Oide_PP_Gaeilge

# Socruithe Athbhreithnithe MRBnna



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

**Socruithe athbhreithnithe maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích**

**Meán Fómhair 2024**

Cohórt Scoláirí 2022 – 2025 (an scoláire sa tríú bliain in 2024/2025)

Cuireadh isteach ar thréimhse foghlama an scoláire in 2020 agus in 2021 de bharr gur dúnadh scoileanna chun srian a chur ar an bpaindéim COVID-19. In ainneoin iarrachtaí móra na múinteoirí agus na scoileanna chun tionchar na scolaíochta trína chéile a mhaolú, fuair scoláirí taithí éagsúil ar an bhfoghlaim.

**NB: Sa chomhthéacs seo, is iad na socrúcháin mheasúnaithe athbhreithnithe a cuireadh i bhfeidhm don bhliain 2023/24 a bheidh i bhfeidhm i gcónaí don scoláire sa tríú bliain sa scoilbhliain 2024/25.**

- Beidh íosmhéid de Mheasúnú Rangbhunaithe amháin le cur i gcrích ag gach scoláire i ngach ábhar agus Measúnú Rangbhunaithe amháin i ngach gearrchúrsa. Ní bheidh Tascanna Measúnaithe le déanamh ag scoláirí ón gcohórt sin.
- Is faoi na scoileanna atá sé, cinneadh a dhéanamh cibé Measúnú Rangbhunaithe amháin nó dhá Mheasúnú Rangbhunaithe a dhéanamh i ngach ábhar.
- Mar sin féin, beidh roinnt eisceachtaí ag baint leis na roghanna a dhéanfaidh na scoileanna:
  - chun a chinntiú go ndéanfar measúnú ar scileanna cumarsáide ó bhéal, ní mór do na scoláirí **Measúnú Rangbhunaithe 1: Cumarsáid ó Bhéal** sna **Nuatheangacha Iasachta** a chomhlánú mar aon le **Measúnú Rangbhunaithe 2: Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge** sa **Ghaeilge.**
  - toisc go bhfuil siad ceangailte i ngach cás leis an scrúdú deiridh san ábhar, ní mór do na scoláirí atá i mbun staidéir ar **Amharc-ealaín, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol, Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaicí** agus **Teicneolaíocht Adhmaid Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh.**
- San Amharc-Ealaín, de ghnáth ní mór Measúnú Rangbhunaithe amháin a chur i láthair in 3T. Tarscaoiltear an riachtanas sin i gcás scoláire sa tríú bliain in 2024/25.
- Sa ghearrchúrsa Corpoideachais, caithfidh an scoláire sa tríú bliain in 2024/25 íosmhéid de Mheasúnú Rangbhunaithe amháin a chur i gcrích.


Tabhair faoi deara le do thoil, go bhfuil an dáta deiridh le haghaidh chur i gcrích MRB1 i ngach ábhar i mí na Bealtaine 2024, caite anois.


1

https://ncca.ie/media/z1ils2qq/cba-key-dates-2024-2025_ga.pdf

Oide

# Aiseolas




https://registration.oide.ie/feedback

# Tagairtí


An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2009). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/Early-Childhood/

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (1999). *Curaclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag: www.curriculumonline.ie/Primary

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2015). *Creat don tSraith Shóisearach 2015*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/05e2ab-none/

An Roinn Oideachais. (2020). *An Chigireacht. Tuarascáil an Phríomhchigire*: lch 145. Ar fáil ag: https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/232560/a063006e-629c-4df4-ae60-8abf2b72ed4f.pdf#page=null

An Roinn Oideachais. (2022). *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022 Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta*. Lch 25. Ar fáil ag: https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/232720/b4f77625-c6df-4988-84b4-14371d922be8.pdf#page=null

An Roinn Oideachais. (2023). *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí – Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2)*. Ar fáil ag: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/9cedf202-4817-4ad5-ad37-8d3c97cfde65/Specification-for-Junior-Cycle-Irish-English-medium-schools-T2-IV.pdf

An Roinn Oideachais. (2024). Socruithe Athbhreithnithe maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gCrích ar fáil ag: https://ncca.ie/media/z1ils2qq/cba-key-dates-2024-2025_ga.pdf

# Tagairtí ar lean


An Roinn Oideachais. (2023). *Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe* lch 36-7 ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/b2864fd4-faa1-48c7-9f2b-61a4b0b2dd9a/Treoirlinte_Measunaithe_T2_MF2023.pdf

East, M. (2021). *Foundational Principles of Task-based Language Teaching* (lch. 214). Taylor & Francis.

East, M. (2022). Sponge Chats [Podchraoladh]. Faighte ag 22 Mí na Nollag 2022, ar fáil ag: https://www.listennotes.com/es/podcasts/sponge-elt/sponge-chats-perspectives-on-anXUoyNEext/

Ellis, R. (2003). *Designing a Task based Syllabus* ar fáil ag: https://gosafir.com/safir/wp-content/uploads/2019/12/RodEllis-Article.pdf

Flynn, C. (2021). *Foghlaim an Dara Teanga*. Clór IarChonnacht.

Kolb. D. (1984). *Model of Experiential Learning*

Ó Laoire, M. & Ní Chlochasaigh, K. (2010). 'Dea-fhoghlaimeoirí teanga i mbun foghlama: Cad iad na bealaí éifeachtacha foghlama a bhíonn acu?' in *Teagasc na Gaeilge*, 9, Comhar na Múinteoirí Gaeilge, Baile Átha Cliath.

Oxford, R.L. (1997). 'Conditions for second language (L2) learning' in Encyclopedia of Language and Education: Second Language Education (lgh. 23-31). Dordrecht: Springer Netherlands.

# Tagairtí ar lean

Printer, L. (2023*). Positive emotions and intrinsic motivation: A self-determination theory perspective on using co-created stories in the language acquisition classroom*. Language Teaching Research, p.13621688231204443.

Rolfe *et al*., (2001). *Critical reflection in nursing and the helping professions: a user's guide.* Basingstoke, Palgrave Macmillan

Rubin, J. (1975). 'What the "Good language learner" can tell us' in *TESOL, Quarterly,* 9(1), 4151. Ar fáil ag https://jstor.org/stable/3586011

Schmidt, R., & Frota, S. (1986). *Developing basic conversational ability in a second language*: *A case study of an adult learner*. In R. Day (Ed.), Talking to learn: Conversation in second language acquisition (lgh. 237-369). Rowley, MA: Newbury House

Wiliam,  D., & Leahy, S. (2012). From Teachers to Schools: Scaling up Professional Development for Formative Assessment. Sage. Ed. 2. DOI:10.4135/9781446250808.n4

Willis, J. (1996). *A flexible framework for task-based learning*. *An overview of a task-based framework for language* teaching Ar fáil ag: www.academia.edu/30503745/

Wylie, E. C., Lyon, C. J., & Mavronikolas, E. (2008). *Effective and scalable teacher professional development: a report of the formative research and development* (Vol. RR-08-65). Princeton, NJ: Educational Testing Service.

# Oide

Oide




Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Focal Buíochais



Is féidir teagmháil a dhéanamh le Foireann Ghaeilge *Oide* trí ríomhphost a chur chuig eolas@oide.ie agus 'Gaeilge Iar-bhunscoil' a chur mar líne ábhair.

Lean muid: @Oide_PP_Gaeilge_

CC BY NC